AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA DO 2015 I GCOMHRÉIR LE HALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH FAOI CHOSAINT 2014

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014, éilítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon de nochtadh faoi chosaint a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh a rinneadh (más ann). Leis an tuarascáil seo níor chóir go ndéanfaí nochtadh inaitheanta do dhaoine dá barr.

Is é seo an chéad tuarascáil bhliantúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus clúdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2014 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Rinneadh trí nochtadh faoi chosaint chuig an Aire/Roinn faoi Alt 8 den Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014, i.e. ní thagann siad ó fhostaithe de chuid na Roinne ach baineann siad le hoibrí nó le hoibrithe atá fostaithe i gcomhlacht poiblí atá faoi shainchúram an Aire, le linn na tréimhse a chlúdaigh an tuarascáil seo.

- Bhí ceann amháin a d'fhiosraigh comhlacht eile agus tháinig sé chun críche

- Tá dhá cheann atá fós ag dul ar aghaidh:
    - Tá ceann amháin á fhiosrú ag comhlacht eile.
    - Tá ceann amháin á fhiosrú ag an Roinn.

30 Meitheamh, 2016